

Mairg chaomhnas a cholann

[Angus Matheson, 'Poems from a Manuscript of Cathal Mac Muireadhaigh',  
*Éigse* 10, 270-8]

1 Mairg chaomhnas a cholann,  
a caomhna is cúis thruaighe;  
gá d'ulc, a Dhé, dúinne  
mé re h-ucht na h-uaigne ?

2 A lucht iarras onóir  
a h-uail a dath diasfholt,  
dhuibh ní gann an ghuasacht  
's nach fuil ann acht iasacht.

3 An truaill-se i dtá sinne  
is sí ar mbiodhbha bunaidh;  
nocha naomhdha a h-ionaidh,  
a caomhna ní cubhaidh.

4 Calann na nós neimhghlic,  
námha hí dom anmain,  
feacht oile dá h-iomdhaidh  
seacht dtroighe don talmhain.

5 Mairg do-chuaidh 'na comann,  
cré na n-inntleacht n-ainbhfiail;  
uaimhneach dí a deighriar,  
clí uaibhreach na n-ainmhian.

6 Sí le craos as ciontach  
re céad díle an domhain;  
cóir mo chailg 'na cionaidh,  
mairg do-chóidh 'na conair.

7 Sgoltadh cridhe an Choimdheadh  
's céasadh a ghlac ngealbhog,  
sé oirne dá h-iomlad,  
oighre Dé do dhearmad.

8 Sí 'na máthair mhallacht,  
mairg ghabhthar 'na gealltach;  
nach truagh mise am millteach  
le seise fuar fealltach?

9 Sí le sal na sinnsear  
sinn go mailís múiridh;  
mé am biodhbhaidh dá báiribh  
fa dhiondhaidh Dhé dhúiligh.

10 Do líon d'uabhar Éabha  
nár fhéach d'aithne ar nAthar;  
mac Dé daor fa dhochar,  
mé dá thaobh gan tathamh.

11 Sise le seól meallta,  
meise ag íoc a h-uabhair;  
mairg don té lér thaobhaigh  
cré gan aird gan uamhain.

12 Atá sin 'nar seise  
saint is drúis is díomas  
tnúdh is cealg gan chádhas,  
fearg na rún do ríomhas.

13 Atá am cholainn chiontaigh  
craos go lór is leisce,  
déine gan chéill coisge  
le chéile is méin mheisce.

14 Do chaill dhúinn port pardhais  
fa phéin pheactha marbhtha;  
ar gclí gan cheisd n-urchra,  
sí ara teisd ní taghtha.

15 Mairg atá fa treise,  
tug mo chlí gan chairde  
a h-úidh d'ainbhíos buirbe,  
dúil d'fhailgheas is d'airde.

16 Tug Dia dhaoibhse, a dhaoine,  
a dhrong do dhligh docracht,  
síosa dhuibh mar dhaltacht  
d'fhuil Íosa tre fhortacht.

17 Do fhadódh fheirge ar nAthar  
gá h-olc nach fhuil innte?  
calann na gciall gcaillte,  
mh'anam dá mian millte.

18 Do chuir Críosa re gcéasadh, -  
créad nach tuilleamh tola? -  
[dár n-amhas cúis cheana],  
dá ghnúis allas fhola.

19 Páis is peannaid Íosa  
d'fhuil Ádhaimh budh sompla;  
ó thoil do fhaomh umpa

a thaobh 's a through thollta.

20 Do bhí fa chuing chéasta  
Críosa a measg na meirleach,  
mac Dé ar chlár dá chuibhreach,  
sé dár ngrádh 'na gheimhleach.

21 Dia Luain, lá an tionóil,  
mar thig ar dtráth nóna,  
bheith ann, a Dhé, is dána,  
's mé ar gcall mo chóra.

22 Tig chugainn sa gcoinne  
Críosa 's a chroch re ghualainn,  
beithear lá nach léaghaim,  
teicheadh thrá ním tualaing.

23 Dia mar aighne am aghaidh,  
mh'olc am éadan sgríobhtha,  
sé ag feitheamh dhrong ndaortha  
'na bhreitheamh lom líomhtha.

24 Lucht leanamhna an dlighidh  
ar deis Dé dá bhféaghadh,  
cóir mar soin dá saoradh  
tre thoil dóibh do dhéanamh.

25 Ar láimh chlí an Choimdheadh -  
créad nach adhbhar uamhain? -  
lucht éagcára ar-íribh  
éadána a h-ucht uabhair.

26 Beid go bráth dá gcéasadh,  
i gceardcha chaor ndrithleann,  
clann chíocrach gan chonchlann  
i n-all íochtrach ifreann.

27 Ós tú oighre ar nAthar  
do shaor inn le t'fheólfhuil,  
mé dheit ar do dhaoinibh,  
a mheic mo Dhé, deónaigh.

28 Tuigthe dhuibh gan dearmad,  
a dhrochdhaoine an domhain,  
gur dhíosg dhuibh fa dheireadh  
fuil Chríosa in bhur gcomhair. Mairg.